**Leasú 1**
**Erik Marquardt, Tineke Strik**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0374/2023**
**Tomas Tobé, Pedro Marques, Charles Goerens, Michael Gahler**
Cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda
(2023/2029(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 14 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ann faoin Rialachán nach mór do 93 % den chistiú faoin Ionstraim a bheith i gcomhréir leis na critéir le haghaidh ODA mar atá bunaithe ag ECFE; á iarraidh ar an gCoimisiún bunachar sonraí poiblí a chruthú lena sonrófar incháilitheacht tionscadal le haghaidh ODA, lena n-áirítear Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa (TEInna) arna gcistiú (go páirteach) ag an Ionstraim; á iarraidh go n-áireofaí in AMT athbhreithniú ar incháilitheacht na ngníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an imirce le haghaidh ODA, agus go ndéanfaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce nach bhfuil incháilithe le haghaidh ODA a chur ar fionraí nó a oiriúnú ina dhiaidh sin, agus béim ar leith á leagan ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hidircheapadh nó filleadh imirceach;*** |

Or. en

5.12.2023 A9-0374/2

**Leasú 2**
**Tineke Strik, Erik Marquardt**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0374/2023**
**Tomas Tobé, Pedro Marques, Charles Goerens, Michael Gahler**
Cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda
(2023/2029(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 33 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***33a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa rannpháirtíochta atá ag an bParlaimint sa Sásra Comhordúcháin Oibríochtúil le haghaidh Ghné Sheachtrach na hImirce (MOCADEM), go háirithe i bhfianaise na bainte móire atá ag an sásra sin le comhordú an chistithe sheachtraigh i dtaobh na himirce, lena n-áirítear cistí na hIonstraime; ag meabhrú Airteagal 9 den Chreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, lena ráthaítear bunphrionsabal na córa comhionainne don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le doiciméid; ag tathant ar an gCoimisiún, ar an mbonn sin, doiciméadacht ábhartha uile MOCADEM a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus a áirithiú go mbeidh páirt ag an bParlaimint sna cruinnithe nó sna gníomhaíochtaí uile de chuid MOCADEM a bheidh ann amach anseo;*** |

Or. en

**Leasú 3**
**Tineke Strik, Erik Marquardt**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0374/2023**
**Tomas Tobé, Pedro Marques, Charles Goerens, Michael Gahler**
Cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda
(2023/2029(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 38**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 38. á áitiú gur cuid d'Fhoireann na hEorpa í an Pharlaimint agus gur cheart déileáil léi amhlaidh, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí ag dréim le faisnéis níos mionsonraithe agus níos fónta a fháil faoi chur chun feidhme na hIonstraime ar bhonn níos minice, lena n-áirítear liosta d'infheistíochtaí BEI a bhaineann le cistí na hIonstraime; | 38. á áitiú gur cuid d'Fhoireann na hEorpa í an Pharlaimint agus gur cheart déileáil léi amhlaidh, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí ag dréim le faisnéis níos mionsonraithe agus níos fónta a fháil faoi chur chun feidhme na hIonstraime ar bhonn níos minice, lena n-áirítear liosta d'infheistíochtaí BEI a bhaineann le cistí na hIonstraime; ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di an úsáid arna baint le déanaí as formáid Fhoireann na hEorpa chun caibidlíocht a dhéanamh ar Mheabhrán Tuisceana leis an Túinéis, gan an Pharlaimint a áireamh inti; á áitiú go ndéanfaidh an Coimisiún aon chomhaontú idir AE agus tríú tíortha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích ar bhealach foirmiúil agus ar bhonn na gConarthaí, go háirithe i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear faoi Airteagal 218 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;*** |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht